

Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann

Ráiteas Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2019

Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann

Innéacs a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2019

	Leathanach
An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird An	3
Ráiteas ar an Rialú Inmheánach	4-8
Tuarascáil Iniúcháin An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Gníomhaíochtaí agus Costais Phá	9 10
Beartais Chuntasaíochta	11
Ráiteas Oibriúcháin	12
An Ráiteas maidir leis na Sochair Reatha agus na	13
Dliteanais Reatha Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis	14 - 30
Airgeadais	

Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid

Árann An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an

Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Ceanglaítear ar an mBord, le hAlt 51 den Acht, gach cuntas ceart agus rialta a choimeád, i cibé cruth agus i ndáil le cibé tréimhsí cuntasáochta a fhaomhann an tAire Oideachais agus Scileanna, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar acmhainní uile an Bhoird, i ndáil leis an t-airgead iomlán a chaitheann an Bord agus a thógann sé isteach.

Ceanglaítear ar an mBord na nithe seo a leanas a dhéanamh agus na cuntais sin á n-ullmhú:

- (a) na polasaithe cuntasáochta caighdeánacha a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais BOO a ullmhú
- (b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- (c) aon imeachtaí ábhartha ó na beartais chuntasáochta caighdeánacha is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Tá an Bord freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Arna Síniú:



Cathaoirleach

An Clr. Roger Kennedy

Dáta:

20/10/2020

Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann An

Ráiteas ar an Rialú Inmheánach

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Ar an dáta sin, ghlac Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann seilbh ar Shócmhainní, Dlíteanais agus feidhmeanna na gCoistí Gairmoideachais Contae i dTiobraid Árann Thuaidh agus i dTiobraid Árann Theas mar a bhí siad go dtí sin.

Tá an Cód chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú leagtha amach i gCiorclán 002/2019 a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna do gach Bord Oideachais agus Oiliúna an 16 Márta 2019. Ghlac Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann le Ciorclán an Chóid Rialachais 002/2019 ag a chruinniú ar 26 Márta, 2019. Sular glacadh an Cód Rialachais 002/2019, d'fheidhmigh Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann faoin gCód Rialachais 08/2015. Tháinig an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile ceithre huairé in 2019. Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huairé in 2019.

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Cuireadh bord nua le haghaidh Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann le chéile an 30 Iúil 2019 agus ag an gruinniú ar tionóladh an 22 Deireadh Fómhair 2019 chríochnaigh an bord na ceapacháin don Choiste Airgeadais agus don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca nua araon.

Mar Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann, Aithním an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go ndéantar córas rialaithe inmheánaigh atá éifeachtach, éifeachtúil agus eacnamúil a chothabháil agus a fheidhmiú. Is éard is cuspóir le córas dá leithéid ná chun deimhniú go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Ó bhí 2016 ann, tá Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann freagrach as seachadadh na gClár Oiliúna go léir sa chontae a bhí á mbainistiú ag FÁS roimhe seo. Mar fheabhsúchán breise ar an ngníomhaíocht seo, d'oscail Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann Ionad Breisoideachais agus Oiliúna i mBaile an Áirséaraigh, i nDurlas in 2018 agus chuir sé tús leis an tairiscint cúrsaí printíseachta den chéad uair. Ag deireadh 2019, bhí 7 gCúrsa Printíseachta Ceardaíochta san iomlán á bhfeidhmiú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann i nDurlas - 5 Chúrsa Leictreachais, 1 cheann i Seirbhísí Slándála Leictreonaí agus 1 i bhFeistiú Gléasra Tógála. Ina theannta sin, tá Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann ceadaithe chun 2 phrintíseacht bhreise a sheachadadh sa Phlúiméireacht agus táthar ag súil go dtosóidh siad in 2020, a luaithe is atá na hoibreacha athchóirithe tógála chun áitreabh Bhaile an Áirséaraigh a uasghrádú críochnaithe.

Mar gheall ar an méadú atá curtha leis an mbéim atá curtha ar Oiliúnachtaí (TT) ó SOLAS ar an mbonn náisiúnta, tháinig laghdú ar an Oiliúint i Scileanna Sonracha (SST) i mBord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann. In 2019, mhéadaigh an tairiscint suas go dtí 8 gcúrsa, agus 126 foghlaiméoir ar na cúrsaí. Anuas ar na cúrsaí nua in 2018, tairgeadh dhá Chúrsa Oilína Riaracháin Medica bhreise in agus Cúrsa Oiliúna Treoraithe Camchuartha Náisiúnta in 2019.

Príomhpháirtithe leasmhara is iad na fostóirí Breisoideachais agus Oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann go léir. Tá leathnú déanta ag Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann ar an raon cúrsaí agus bealaí cuir chuige atá aige in 2019 chun fostóirí a mhealladh isteach. Chuir Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann ceithre Chlár Explore ar fáil in 2019 le cuideachtaí innealtóireachta agus déantúsaíochta i mórcheantar Thiobraid Árann. D'éirigh go han-mhaith leis na cúrsaí seo agus dhírigh siad ar uas-oiliúint fostaithe a raibh leibhéil ísle TFC agus scileanna digiteacha acu.

Gnásanna Rialaithe Príomhúla

Tá bearta déanta ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht chúil rialaithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí an lucht bainistíochta agus na foirne a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta a chur i mbun chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar beart ceartaitheach atá cuí;
- Nósanna imeachta a chur i mbun chun gach uile riosca a aithint agus a mheas a d'fhéadfadh bacainn a chur ar an Bord Oideachais agus Oiliúna chun a chuspóirí a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh a fheidhmítear i Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann bunaithe ar:

- Nósanna imeachta riaracháin mionsonraithe;
- Leithscaradh na ndualgas;

- Údaruithe sonracha;
- Tástáil inmheánach;
- Athbhreithniú bainistíochta uair sa mhí ar thuarascálacha a thugann breac-chuntas ar thorthaí iarbhir agus ar thorthaí buiséadaithe na gclár a fheidhmíonn an BOO.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Moltaí a thugann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste i Litreacha Bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.
- An Príomhfheidhmeannach, atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais.
- Obair an Choiste Iniúcháireachta a dhéanann breithniú ar thuarascálacha iniúcháireachta inmheánaí agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina dtugtar tuairisc don Bhord faoina bhfuil córais rialaithe atá leordhóthanach agus oiriúnach, i dtuairim an iniúcháir, curtha i bhfeidhm ag an bPríomhfheidhmeannach.

Seirbhísí Iniúcháireachta Inmheánaí

Is é an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí (IAU-ETB) a chuireann seirbhís iniúcháireachta inmheánaí i bhfeidhm. Tá na hathbhreithnithe iniúcháireachta inmheánaí seo a leanas déanta ón 1 Eanáir 2019 i leith.

- Úsáid a bhaint as BO&O agus iniúchadh ar thorthaí an iniúchta inmheánaigh a bhí déanta roimhe – atá leanúnach ar an dáta seo.
- An Comhlíonadh Soláthair - tuarascáil deiridh eisithe i Meán Fómhair 2020.

Sárúithe ar Chórais an Rialaithe Inmheánaigh 2018

1. Neamhchomhlíonadh leis na treoirlínte um an soláthar

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann ag iarraidh cinnte a dhéanamh go bhfuil béim chuí curtha ar an dea-chleachtas agus an bord i mbun ceannaigh agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. Ina ainneoin sin, níl Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann in ann a chuid freagrachtaí ar fad a chomhlíonadh maidir leis an rialáil soláthair mar gheall ar easpa acmhainní inmheánacha atá in ann díriú go hiomlán ar an soláthar. Tá cásanna ann ina raibh earraí agus seirbhísí ceannaithe sa cheantar áitiúil ar aon dul le Beartas Soláthair Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann, ach ina sáraíonn an luach carnach ar fud na suíomhanna go léir na tairseacha tairisceana Náisiúnta. Is géarfhadhb é seo toisc nach bhfuil córas ceannaigh láraithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann agus tá breis agus seasca suíomh éagsúil ar fud an chontae ag gabháil do ghníomhaíochtaí soláthair.

Cuireadh éilimh bhreise freisin ar an bhfoireann i réimse an tsoláthair mar gheall ar fhorbairt an Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna nua agus tá roinnt comórtas nua ceannaigh atá críochnaithe nó atá fós ar siúl chun tacú leis an infheistíocht seo.

I rith 2019, thabhaigh an Bord an caiteachas ag seo a leanas nár chomhlíon na nósanna imeachta soláthair na rialacha náisiúnta soláthair.

Tairiscintí foilsithe in 2019 (le cur i bhfeidhm in 2020)	€357,226
Tairiscintí le foilsiú in 2020	€201,359
Tairiscintí atá beartaithe do 2021	€137,773
Caiteachas neamhchomhlíontach iomlán	€696,358

Is ionann ár gcaiteachas neamhchomhlíontach de €696,358 agus 4.8% den chaiteachas neamhphá iomlán a thabhaigh an Bord in 2019.

Bhain an caiteachas neamhchomhlíonta le cíos busanna, ábhair ranga, an tacaíocht TFC, seirbhísí lónadóireachta, páipéir scrúdaithe, an bailiú dramhaíola agus dialanna scoile. Tá measúnú á dhéanamh ar fhreagraí ar thairiscint a foilsíodh in 2019 maidir le cíos busanna. Cuireadh moill ar an meastóireacht toisc nach raibh an fhoireann mheastóireachta ar fáil mar gheall ar bhearta chun dul i ngleic leis an bpaindéim COVID 19. Mar gheall ar scaipeadh tíreolaíoch Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann, roinneadh na tairiscintí iompair i roinnt lotaí chun freastal ar riachtanais ár seirbhísí túslíne. Táthar ag súil anois go mbeidh na conarthaí a bheidh ann mar thoradh ar an tairiscint seo, agus a rabhthas ag súil leo a bheith tugtha chun críche in 2020, tugtha chun críche go luath in 2021.

Tá soláthróir ceaptha don Ranga Miotalóireachta tar éis tairisceana a foilsíodh in 2019. Ceapadh soláthróir tar éis tairisceana in 2019 le haghaidh an tacaíocht TFC, don dá oifig riaracháin agus d'Ionad Oiliúna Bhaile an Áirséaraigh araon. Tá tús curtha le hobair ar thairiscint do thacaíocht TFC do scoileanna agus d'ionaid FET. Tá iniúchadh ar an mbonneagar TF ar siúl faoi láthair sna scoileanna agus ionaid uile. Tá moill curtha ar an obair chun an tairiscint seo a chur

ar aghaidh chun an tairiscint seo a chur ar aghaidh mar gheall ar an rochtain theoranta ar scoileanna agus ar ionaid BO&O mar thoradh ar an bhfreagairt do Phaindéim COVID 19 agus an easpa acmhainní TFC atá ar fáil. Táthar ag súil leis an tairiscint seo a bheith tugtha chun críche in 2021.

Tugadh tairiscint seirbhísí lónadóireachta le haghaidh *cúig* scoil chun críche in 2019. Rinneadh tairiscint le haghaidh scoil amháin eile in 2020 agus síníodh conarthaí i mí Lúnasa. Bhí moill curtha ar thairiscintí seirbhísí lónadóireachta le haghaidh dhá scoil bhreise mar gheall ar neamhchinnteachtaí atá ann mar gheall ar an bpaindéim COVID. Foilsíodh tairiscint le haghaidh Adhmadóireachta Ábhair Ranga in 2020. Tá an tairiscint seo á measúnú agus síneofar conarthaí roimh dheireadh na bliana. Le comórtais tairisceana atá ar bun agus atá beartaithe in 2020 ar luach €558,585 san iomlán, táthar ag tabhairt aghaidh go substaintiúil ar an neamhchomhlíonadh soláthair in 2019.

Beidh Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann ag athstruchtúró Rannóg Caipitil agus Soláthair na heagraíochta luath go leor. Fógraíodh post Grád V breise don Rannóg Soláthair i Meán Fómhair 2020. Fógraíodh post breise Grád VII le dualgais tosaigh san Airgeadas freisin agus áireofar leis an bpost seo freisin roinnt freagrachta as bainistiú comórtas caipitil agus soláthair. Ach mar sin féin, i bhfianaise cé chomh éagsúil is atá na heagraíochtaí, chomh maith leis an leathadh fairsing geografach atá i gceist lena lonnaithe, an easpa de chóras soláthair láraithe agus cé chomh mór is atá an chaiteachas faoi chatagóirí éagsúla, beidh dúshlán i gceist le comhlíonadh iomlán na rialacha soláthair ina dhúshlán i gcónaí.

Leanfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar gach réimse caiteachais agus féachfaidh sé lena chinntiú go bhfaighfear luach ar airgead do gach mórchatagóir caiteachais agus tairiscint ar earraí agus seirbhísí a mhéid is gur féidir é sin a dhéanamh leis na hacmhainní atá ar fáil.

2. Córais IT Uireasacha

In 2018, fuair an Coiste Iniúcháireachta tuarascáil iniúchta inmheánaigh maidir le hAthbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras TF agus na rialaithe um rochtain ar líonra. Eisíodh an tuarascáil deiridh ar an iniúchadh seo i mí Lúnasa 2018 agus nochtadh tuairim inti nach bhfuil córas rialaithe inmheánaigh imleoir ag Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann maidir le córais TF agus Rialuithe Bainistíochta Líonra .

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann ag tabhairt aghaidh ar thorthaí ar féidir déileáil leo ar an mbonn áitiúil, mar shampla, polasaithe agus nósanna imeachta a dhoiciméadú, córas TF leanúnachas gnó a chur i bhfeidhm agus a thástáil don Phríomhoifig agus na rioscaí sin a áireamh inár gClár Riosca. Mar sin féin, maidir le cuid de na ceisteanna a raibh aird tarraingthe orthu, beidh infheistíocht bhreise ón Roinn Oideachais agus Scileanna ag teastáil. Toisc go bhfuil na saincheisteanna seo comónta ag go leor Bord Oideachais agus Oiliúna, tá aghaidh á tabhairt ar na ceisteanna seo ar bhonn earnála le tacaíocht ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann.

3. Córais Airgeadais agus Taifid Chuntasaíochta

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann ag feitheamh le toradh tionscadal seirbhíse comhroinnte córais airgeadais a bhfuil an Roinn Oideachais agus Scileanna gafa leis le roinnt blianta anuas. Tá sé beartaithe go dtabharfar aghaidh ar chuid de na saincheisteanna agus na heasnamh atá ann faoi láthair leis an tionscadal seo, go háirithe maidir le caighdeán na gcóras próiseála idirbheart.

Tá Tionscadal Párolla na Seirbhíse Oideachais agus Gnó Comhroinnte (ESBS) bunaithe mar chuid de Chlár Oibre Athchóirithe an Rialtais (Samhain 2011), chun feidhm phárolla na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna déag a chomhdhlúthú. Tá obair ar siúl faoi láthair chun Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann a aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte Párolla i mí Dheireadh Fómhair 2020.

4. Bainistíochta Riosca

Tá córas bainistíochta riosca corparáidí i bhfeidhm ag Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann dá chuid scoileanna, ionaid agus Oifigí Riaracháin.

Chuir an Coiste Iniúcháireachta in iúl san athbhreithniú a rinne sé ar an gClár Riosca Corparáideach go bhfuil dúshlán eagraíochtúil suntasach i gceist leis an gCóras Airgeadais reatha agus go bhféadfadh laige rialaithe a bheith ann, go sonrach maidir leis na hidirghabhálacha atá ag teastáil chun na ráitis airgeadais bhliantúla a chur amach. Bhí tionchar breise aige seo ar thabhairt isteach Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann a úsáideann sraith chóras eile. Fágann sé sin gur próiseas láimhe amach is amach atá i gceist le táirgeadh na gCuntas Bliantúil a bhraitheann ar fhaisnéis ó chórais iolracha a bheith comhdhlúite.

Ina athbheithniú ar an gClár Rioscaí Corparáideach, léirigh an Coiste Iniúcháireachta & Riosca imní faoin easpa acmhainní a raibh béim leagtha air san aighneacht um Dhearadh Eagraíochtúil Céim II Folúntais Chriticiúla chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna freisin. Cé go gabhaimid fáilte roimh thabhairt isteach Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann, fós féin leagadh béim bhreise fós dá bharr ar an easpa acmhainní sna réimsí rithabhachtacha riaracháin a theastaíonn chun tacú leis an ngníomhaíocht seo.

5. Ráitis faoi Scéimeanna Pinsin

Ceanglaítear ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann ráitis sochair bhliantúla a chur ar fáil dá chuid fostaithe ach, mar sin féin, nílimid ag comhlíonadh an cheanglais seo go huile is go hiomlán, agus fuair timpeall 12% den fhoireann ráitis mar gheall ar neamhleordhóthanacht na gcóras a theastaíonn chun ráitis dá leithéid a ullmhú. Glacann Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann páirt ar Thascghrúpa Náisiúnta Pinsean na mBOOanna agus tá dul chun cinn déanta maidir le fostaithe atá ina mbaill de Phinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Tá cainteanna ar siúl ar an mbonn náisiúnta leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun an chomhsheasmhacht a chinntiú san ullmhú ráiteas faoin SPSPS agus cuirfidh Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann na treoirlínte i bhfeidhm nuair a eiseofar iad.

6. An tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí - Bord Oideachais agus Oiliúna

Cuireann an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí - Boird Oideachais agus Oiliúna - seirbhís iniúcháireachta inmheánaí i bhfeidhm. Tá torthaí an iniúchta bunaithe ar théarmaí tagartha an IAU-ETB agus soláthraíonn an t-aonad iniúcháireachta inmheánaí tuairim iniúchta foriomlán ar an réimse a ndearnadh iniúchadh air.

Tá an tuairim iomlán bunaithe ar na torthaí a aithníodh le linn an iniúchta agus seo a leanas raon na dtuairimí féideartha;

- Cuimsitheach - Tá an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus oibríonn sé go héifeachtach Imleor:
- Imleor - Tá an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach den chuid is mó, agus oibríonn sé go héifeachtach
- Neamhleor - níl an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus ní oibríonn sé go héifeachtach

In 2018, rinne an IAU-ETB iniúchadh ar chlár Ógtheagmhála 2017 arna fheidhmiú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann. D'eisigh an IAU-ETB torthaí na tuarascála seo i mBealtaine 2019. Is é tuairim an IAU-ETB go bhfuil córas imleor rialaithe inmheánaigh ag Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann maidir le Ógtheagmháil.

Bhí seacht moladh déag sa tuarascáil a raibh rátáil ard (1), meánach (10) agus íseal (6) tugtha dóibh. Bhí an rátáil ag brath ar an riosca (cáil, airgeadais nó oibriúcháin) a bhain leis an tsaincheist rialaithe a aithníodh agus a mhéid a bhí an riosca réadaithe cheana féin bunaithe ar thorthaí an iniúchta.

Is é an staid reatha ná gur tugadh aghaidh ar an rátáil ardriosca, go bhfuil 4 cinn de na moltaí meánacha agus 3 cinn de na moltaí ísle curtha i bhfeidhm. Tá cur i bhfeidhm an chuid eile de na moltaí idir lámha faoi láthair.

In 2019, rinne an IAU-ETB iniúchadh ar Chomhlíonadh Soláthair arna oibriú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018. D'eisigh an IAU-ETB torthaí na tuarascála seo i Meán Fómhair 2020. Is é tuairim an IAU-ETB go bhfuil córas imleor rialaithe inmheánaigh ag Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann maidir leis an gComhlíonadh Soláthair.

Bhí ceithre mholadh déag sa tuarascáil ar rátálacha arda (2), meánacha (6) agus ísle (6) iad. Bhí an rátáil ag brath ar an riosca (clú, airgeadais nó oibriúcháin) a bhaineann leis an tsaincheist rialaithe a sainaitníodh agus a mhéid is a réadaíodh an riosca cheana féin bunaithe ar thorthaí an iniúchta.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann tar éis dul i ngleic láithreach leis na moltaí riosca ard (2) agus tá tús curtha aige le tabhairt faoi na moltaí eile.

7. Calaois

Níor aimsíodh aon tarluithe calaoise in 2019.

8. An Nochtadh Cosanta

Ní bhfuair Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann aon nochtadh cosanta in 2019.

Athbhreithniú an Choiste Airgeadais

Rinne an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann ar an 20 Márta 2020 agus mhol an Bord go ndéanfadh an Bord iad a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann tiomanta do chóras rialaithe inmheánach éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch a oibriú. Deimhním go ndearna an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an modh atá leagtha síos sa Chód Cleachtais chun na Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú 2015 ag an gcruinniú dá chuid ar tionóladh an 20 Márta 2020.

Áiríodh leis seo athbhreithniú ar thuarascálacha inmheánacha agus seachtracha ar eisíodh in 2019 agus go dtí seo in 2020. Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste Iniúcháireachta & Riosca ar an gcóras rialaithe inmheánaigh go rialta trí cuireadh a thabhairt do Lucht Bainistíochta Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann chun teacht chuig a gcruinnithe chun cur i láthair a dhéanamh ar an gCáipéis um Athbhreithniú ar an Rialú Inmheánach agus chun ceisteanna a fhreagairt go mion. Is mír ar an gclár oibre é Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha ag cruinnithe uile an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Déanann an Feidhmeannas an Clár Riosca Corparáideach a nuashonrú agus déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú air ar bhonn rialta.

Fuair an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca deimhniú freisin ón bPríomhfheidhmeannach go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh imleor agus iomchuí, tríd is tríd. Bhunaigh an Príomhfheidhmeannach an ráiteas seo ar fhaisnéis a bailíodh ó bhainisteoirí sinsearacha ar fud na heagraíochta.

Rinne an Coiste Iniúcháireachta & Riosca athbhreithniú freisin ar a chuid miontuairiscí féin, ar mhiontuairiscí Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann agus ar mhiontuairiscí an Choiste Airgeadais agus ní bhfuair aon neamhréireachtaí leis an measúnú ar rialú inmheánach a chuir an Príomhfheidhmeannach ar fáil don Choiste Iniúcháireachta.

Chuir an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca tuarascáil mhionsonraithe ar an obair a rinneadh le bliain anuas, chomh maith lena athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha faoi bhráid an Bhoird dá chruinniú ar 24 Márta, 2020.

Rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann an Ráiteas ar an Rialú Inmheánach a athbhreithniú agus a fhaomhadh ag an gcruinniú ar tionóladh an 24 Márta, 2020.

Rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar an Ráiteas ar an Rialú Inmheánach den athuair agus mhol an Coiste Iniúcháireachta gur cheart an Ráiteas ar an Rialú Inmheánach a fhorghas don Bhord ag an gcruinniú dá chuid ar tionóladh an 2 Deireadh Fómhair 2020.

Rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann an Ráiteas ar an Rialú Inmheánach a athbhreithniú agus a fhaomhadh ag a gcruinniú ar 20 Deireadh Fómhair 2020.

Signed Roger Kennedy

Date 20/10/2020

An Clr. Roger Kennedy,
Cathaoirleach,
Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais - Bord

Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Táimse tar éis iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Is éard a chuimsítear leis na ráitis airgeadais ná

- an ráiteas ar na bheartais ntsaíochta
- an ráiteas oibriúcháin
- an ráiteas maidir leis na sochair reatha agus na dliteanais reatha agus
- na nótaí a ghabhann leis na ráitis sin.

Is í mo bharúil féin ná,

- go léirítear sna ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas an Bhoird go cruinn den bhliain 2019 chomh maith le staid an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2019, agus
- go gcloíonn na ráitis airgeadais leis na beartais chuntasaíochta a leag síos an tAire Oideachais iad.

Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar aon dul le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hlniúchóireacht (ISAanna) de réir mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar na freagrachtaí a chuirtear orm de réir na caighdeán sin ar fáil san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ó Bhord Oideachais agus Thiobraid Árann agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla i gcomhréir leis na caighdeán.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá bailithe agam leordhóthanach iomchuí chun bonn a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá An Bord tar éis roinnt eolais eile a chur i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird, an ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, agus sceideal gníomhaíochtaí agus costais phá. Tá cur síos ar fáil san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá agam chun tuairiscíú maidir le heolas dá leithéid, chomh maith le ar ábhair eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Neamhchomhlíonadh le rialacha um sholáthar

Sa ráiteas ar an rialú inmheánach, nochtar gur thabhaigh an Bord caiteachas suntasach in 2019 i gcásanna nár gcloíodh leis na treoirínte maidir leis an soláthar poiblí. Tá na céimeanna a thóg an Bord nó a bhí beartaithe le bheith tógtha ag an mBord chun an cheist seo a phlé leagtha amach sa ráiteas chomh maith.

-1



Seamus Mac Cárthaigh
An tArd-Reachtaire Cuntas agus
Ciste 27 Deireadh Fómhair 2020

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

De réir mar atá mionsonraithe sa ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird, tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as

ullmhúchán na ráiteas airgeadais san fhoirm atá fhorordaithe in alt 51 den Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 leabhair chuntais chuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird

- a chuid sócmhainní a chosaint agus bearta réasúnta a dhéanamh chun an calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhoird Oideachais agus Oiliúna Thioibraid Árann agus tuairisc ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna mí-ráiteas ábhartha, más ann dó, i gcónaí. Féadfaidh míráitis tarlú mar gheall ar chalaos nó mar gheall ar bhotún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún, a shainnithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca maidir le ceann a tharlaíonn mar gheall ar bhotún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.

Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaióchta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaióchta agus an nochtá gaolmhar.

Déanaimse cinneadh an bhfuil ioncam agus caiteachas an Bhoird léirithe i gceart sna ráitis airgeadais agus an bhfuil staid cúrsaí an Bhoird léirithe i ráiteas na n-iarhmhéideanna, arna léiriú ag an ráiteas maidir le sócmhainní reatha agus dliteanais reatha.

Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus lomadh an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na **ISAnna** an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamhchomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar cheisteanna eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Déanaim tuairisc má sainnithním nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc má éiríonn liom a nochtadh aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscim freisin trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó

nach raibh na taifead cuntasaióchta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go héasca agus i gceart, nó

nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifead cuntasaióchta.

Ráitis Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna

Thiobraid Árann - An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2019

Gníomhaíochtaí agus Costais Phá

1 An Phríomhghníomhaíocht

Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann an tOideachas agus an Oiliúint ar fud Thiobraid Árann mar atá leagtha amach ag seo thíos:

Seirbhís	Líon na Láithreán	Líon na Rannpháirtithe**	Líon na dTairbhíthe ...
Dara Leibhéal & Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta	11	5,054	
Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna	21	6,419	10,402
Ranganna Oíche páirtaimseartha	3		122

- * ag tagairt do láithreacha atá ar úinéireacht nó ar léas ag an BOO.
- ** Maidir le bunleibhéal agus dara leibhéal tá sé seo bunaithe ar an gclárúchán sa bhliain acadúil.

Maidir le ranganna BO&O agus páirtaimseartha / oíche tá sé seo bunaithe ar na clárúcháin aonair sa bhliain féilire.

*** Tagraíonn tairbhíthe do líon iomlán na n-áiteanna a bhí glactha sa bhliain. Cuirtear an líon clárúchán amhail an 1 Eanáir leis an líon clárúchán a tharlaíonn ina dhiaidh sin i rith na bliana chun é seo a ríomh.

....Rannpháirtithe agus Tairbhíthe na nIonad Oiliúna Tá Ranganna Páirtaimseartha / Oíche curtha san áireamh sna huimhreacha Breisoideachais agus Oiliúna (BO&O).

2 Seirbhísí Eile

Feidhmíonn an Bord mar Ghníomhaire freisin, agus cuireann sé Tionscadail Féinmhaoinithe ar siúl.

Is éard atá i gceist le hobair Ghníomhaireachta ná clár a reáchtáil thar ceann eagraíochta eile nó thar ceann mac léinn de réir critéar comhaontaithe, agus aisiocair costais an Bhoird leis.

Is éard atá i gceist le Tionscadail Féinmhaoinithe ná clár a chuireann an Bord ar siúl don Bhord nó d'eagraíochtaí eile.

3 Costais Phá

Is é an pá an príomhchostas atá ag an mBord agus léiríonn an méid sa tábla seo a leanas na raonta pá éagsúla chomh maith le líon na bhfostaithe i ngach aon raon:

Raon Pá	Líon na bhFostaithe	Costas in 2019
		€
0 - 59,999	939	20,636,453
60,000 - 69,999	128	8,385,471
70,000 - 79,999	129	9,612,218
80,000 - 89,999	24	1,975,886
90,000 - 99,999	11	1,034,697
100,000 - 109,999	13	1,345,980
110,000 - 119,999	5	570,193
120,000 - 129,999	.	.
130,000 - 139,999	1	137,716
Iomlán	1,250	43,698,614

*Áirítear ÁSPC An Fhostóra le Costas in 2019

Ní dhéanann BOO Thiobraid Árann ranníocaíochtaí pinsin i leith fostaithe. Ó 2013 i leith, tá oibleagáid ar gach iontrálaí nua a bheith páirteach sa Scéim Pinsin Phoiblí Aonair.

Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann baill de scéimeanna pinsin sochair shainithe na seirbhíse poiblí ranníocaíocht aoiúntais bhreise (ASC) a éiríonn as Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018-2020) agus as an Acht um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí, 2017. Tháinig ASC isteach in ionad an asbhaint a bhaineann le pinsean (PRD) ar cuireadh deireadh leis ag deireadh 2018. Cé gur beart éigeandála sealadach ab ea an PRD, is ranníocaíocht bhuan é an ASC, maidir leis an luach saothair inphinsin. Is ionann an méid ar bhailíodh in 2019 agus €1,415,143 agus cuireadh an méid sin ar aghaidh go dtí an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Ráitis Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna

Thiobraid Árann - An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig

2019

Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus na Polasaithe Cuntasaíochta

1 Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath an 1 Iúil 2013 agus tá a chuid feidhmeanna leagtha amach in alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

2 Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha

(a) An Bonn leis an Cur i láthair

Is de réir mar atá faofa ag an Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe atá na ráitis airgeadais curtha i láthair. Is éard atá iontu ná Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta, Ráiteas Oibriúcháin, Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha agus nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Nuair a bhí gá leis, rinneadh na figiúirí comparáideacha don bhliain a bhí ann roimhe a luadh den athuair ar an mbonn céanna leis na cinn le haghaidh na bliana reatha.

(b) Bonn an Ullmhúcháin

Sa Ráiteas Oibriúcháin, tá Fáiltais agus Íocaíochtaí curtha i láthair de réir Grúpaí Clár agus tá an Barrachas / (Easnamh) Airgid ann coigeartaithe chun ghluaiseachtaí féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile a chur san áireamh chun toradh foriomlán na tréimhse a chinneadh ar bhonn fabhráithe.

Ullmhaítear an Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha ar an mbonn fabhráithe trí iarmhéideanna deontais stáit agus comhardaitheoirí eile a chinneadh ag méideanna a léiríonn an caiteachas gaolmhar a tabhaíodh de réir na rialacha maoinithe.

Tá Féichiúnaithe Tríú Páirtí áirithe le Sócmhainní Reatha. Tá Dlíteanais Phá agus Chostais curtha san áireamh sna Dlíteanais Reatha.

(c) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar na sócmhainní go léir a cheannaítear lena n-áirítear talamh agus foirgnimh, daingneáin agus feistis agus trealamh oiliúna a mhuirearú sa bhliain a ndearna an ceannachán. Tuairiscítear deontais Stáit le haghaidh soláthar sócmhainní inláimhsithe seasta a mhaoiniú sa bhliain chéanna.

(d) Stoic

Déantar gach stoc inchaite a thuairisciú mar chostas de réir mar a cheannaítear iad.

(e) Aoisliúntas

Bronntar teidlíochtaí pinsin fhoireann BOO, iad siúd a d'aistrigh ó SOLAS san áireamh, faoi scéimeanna sochair shainithe. Tá na baill fhoireann atá earcaithe ó bhí 2013 ann cuimsithe le Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí agus is leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a dhéantar na híocaíochtaí míosúla ina leith.

Coinníonn an BOO asbhaintí aoisliúntais a ghearrtar as pá na bhfostaithe maidir le haghaidh na scéimeanna mar chuid den mhaoiniú comhaontaithe ón Státchiste, é sin nó íoctar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad.

Ní dhéanann an BOO aon ranníocaíochtaí leis na scéimeanna.

Feidhmítear na scéimeanna neamh-mhaoinithe seo ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear agus íocann Oifig Náisiúnta na Seirbhíse Comhroinnte na teidlíochtaí pinsin bliantúla thar ceann an BOO. Tá na BOOanna freagrach as a bpinsin a riar. Íocann an Roinn Oideachais agus Scileanna cistí pinsin go díreach.

Ní dhéanadh aon soláthar sna ráitis airgeadais do chostas reatha na sochar todhchá a fabhraíodh do bhaill foirne agus do phinsinéirí reatha faoi na scéimeanna seo.

(f) Cíosanna a Chur ar Léas

Gearrtar na cíosanna léasa uile mar chostais de réir mar a thabhaítear iad.

Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann

Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2019

	Nóta	An Bhliain dar Críoch 31/12/2019 €	An Bhliain dar Críoch 31/12/2018 €
FÁLTAIS			
Deontais Iar-Bhunscoile & Cheann-Oifige	1	39,016,964	36,482,333
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	2	22,292,213	22,181,227
Deontais um Sheirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	3		
Deontais um Sheirbhísí don Ógra	4	1,077,359	804,431
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe	5	3,367,385	3,044,141
Caipiteal	6	1,380,742	2,134,808
		<hr/>	<hr/>
		67,134,663	64,646,940
ÍOCAÍOCHTAÍ			
Meánscoileanna & an Cheannoifig	7	38,736,846	36,139,515
Breisoideachas agus Oiliúint	8	22,205,205	22,806,499
Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	9		6,943
Seirbhísí Óige	10	1,079,488	817,640
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe	5	3,080,531	2,905,685
Caipiteal	6	2,708,224	947,105
		<hr/>	<hr/>
		67,810,294	63,623,387
Barrachas/(easnamh) airgid tirim don bhliain		(675,631)	1,023,553
Gluaiseacht i nglan-sócmhainní reatha eile	21	<u>1,065,999</u>	<u>(1,033,224)</u>
Barrachas/(easnamh) ioncaim charntha don Bhliain		390,368	(9,671)
Barrachas/(easnamh) ioncaim amhail an 1 Eanáir		(1,034,703)	(1,025,032)
Barrachas/(easnamh) ioncaim amhail an 31 Nollaig	12	<hr/> (644,335)	<hr/> (1,034,703)
Arna Síniú:			
<hr/>			
An Clr. Roger Kennedy, Cathaoirleach,		Liam McGrath	
		Príomhfheidhmeannach	
		Gníomhach Dáta:	

Dáta:


